Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Meitheamh 2023
(OR. en)

11163/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0203(NLE)**

UK 140
AGRI 365
AGRILEG 118
MI 575
ENV 785
ENT 152
PHARM 103
SAN 435
SOC 511

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 351 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna meithleacha arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, nó arna mbunú ina dhiaidh sin faoin gcomhaontú sin, a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 351 final.

Faoi iamh: COM(2023) 351 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.6.2023
COM(2023) 351 final

2023/0203 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna meithleacha arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, nó arna mbunú ina dhiaidh sin faoin gcomhaontú sin, a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta a ghlacadh**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Tá an Coimisiún ag moladh go leagfaidh an Chomhairle síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna meithleacha arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (an Comhaontú Trádála agus Comhair), nó arna mbunú ina dhiaidh sin faoin gcomhaontú sin, a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta a ghlacadh.

## 2. COMHTHÉACS AN MHOLTA

### 2.1. An Comhaontú Trádála agus Comhair

Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair leagtar síos an bonn le haghaidh caidreamh leathan idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021 tar éis é a bheith á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann.

### 2.2. Meithleacha

Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair bunaítear creat institiúideach, lena n-áirítear, *inter alia,* Comhairle Comhpháirtíochta (Airteagal 7), 19 gCoiste (Airteagal 8) agus 4 mheitheal (Airteagal 9).

Le hAirteagal 9(1) bunaítear an Mheitheal um Tháirgí Orgánacha, faoi mhaoirseacht an Choiste Speisialaithe Trádála ar Bhacainní Teicniúla ar Thrádáil; an Mheitheal ar Mhótarfheithiclí agus ar Pháirteanna, faoi mhaoirseacht an Choiste Speisialaithe Trádála ar Bhacainní Teicniúla ar Thrádáil; an Mheitheal um Tháirgí Íocshláinte, faoi mhaoirseacht an Choiste Speisialaithe Trádála ar Bhacainní Teicniúla ar Thrádáil; agus an Mheitheal um Chomhordú na Slándála Sóisialta faoi mhaoirseacht an Choiste Speisialaithe um Chomhordú na Slándála Sóisialta.

Le hAirteagal 8(2)(h) foráiltear go mbeidh sé de chumhacht ag an gCoiste um Chomhpháirtíocht Trádála meithleacha a bhunú, a mhaoirsiú, a chomhordú agus a dhíscaoileadh, nó an mhaoirseacht orthu a tharmligean chuig Coiste Speisialaithe Trádála. Ar an gcaoi chéanna, le hAirteagal 8(4)(f) foráiltear go mbeidh sé de chumhacht ag Coistí Speisialaithe meithleacha a bhunú, a mhaoirsiú, a chomhordú agus a dhíscaoileadh[1].

Le hAirteagal 9(2) leagtar síos go dtabharfaidh na Meithleacha, faoi mhaoirseacht na gCoistí, cúnamh do na Coistí i gcomhlíonadh a gcúraimí agus, go háirithe, ullmhóidh siad obair na gCoistí agus déanfaidh siad aon chúram a shannfaidh na Coistí orthu. Le hAirteagal 9(3) foráiltear go mbeidh ionadaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe ar na meithleacha agus déanfaidh ionadaí ón Aontas agus ionadaí ón Ríocht Aontaithe comhchathaoirleacht orthu. Le hAirteagal 9(4) foráiltear go socróidh na meithleacha a rialacha nós imeachta féin, a sceideal cruinnithe féin agus a gclár oibre féin de chomhthoil.

---

[1] I gcás meithle atá beartaithe, féach Cinneadh (AE) 2021/2111 ón gComhairle an 25 Samhain 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Meitheal um Iascach a bhunú agus a rialacha nós imeachta a ghlacadh, IO L 429, 1.1.2021, lch. 146

### 2.3. An cinneadh ó na meithleacha atá beartaithe

De bhun Airteagal 9(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, socróidh na meithleacha a rialacha nós imeachta féin de chomhthoil.

Is é is cuspóir don chinneadh atá beartaithe, ar cheart seasamh an Aontais a bhunú ina leith, cead a thabhairt do na meithleacha a rialacha nós imeachta a ghlacadh trí thagairt a dhéanamh do rialacha nós imeachta samplacha a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Chun go bhfeidhmeoidh na meithleacha mar is ceart, tá gá le rialacha nós imeachta a chumhdóidh, *inter alia*, ainmniú na gcomhchathaoirleach, comhdhéanamh na rúnaíochta, malartú faisnéise maidir le comhdhéanamh na dtoscaireachtaí, an áit ar cheart don chruinniú a bheith ar siúl, láimhseáil na ndoiciméad agus an chomhfhreagrais, tarraingt suas an chláir oibre agus na miontuairiscí, rúndacht agus teanga oibre an chruinnithe, maille leis na costais a ghearrfar ar na toscaireachtaí.

I bhfianaise chuspóir agus chomhdhéanamh na meithleacha agus an róil atá acu i ndáil le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, ba cheart na rialacha sin a bheith bunaithe, a mhéid is féidir, ar na rialacha nós imeachta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 1 den Chomhaontú Trádála agus Comhair lena rialaítear obair na Comhairle Comhpháirtíochta agus na gCoistí a bhunaítear faoi Airteagail 7 agus 8 faoi seach den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Ba cheart cuspóir na meithleacha a chur san áireamh sna rialacha samplacha, go háirithe go n-ullmhaíonn siad obair na gcoistí ar faoina maoirseacht a oibríonn siad agus nach nglacann siad cinntí ná moltaí faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.

Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na meithleacha rialacha nós imeachta a ghlacadh de bhun Airteagal 9(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair chun a gcuid oibre a rialú, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta atá i gceangal le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an togra seo.

Más mian le meitheal na rialacha nós imeachta a ghabhann leis an togra seo a oiriúnú, ba cheart don Chomhairle na sonraíochtaí sin a fhormhuiniú ar bhonn páipéir sheasaimh atá le tíolacadh ag an gCoimisiún. Leagtar amach an nós imeachta chun é sin a dhéanamh in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an togra seo[2].

## 4. Bunús dlí

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

---

[2] Féach maidir leis an méid sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/2111 ón gComhairle an 25 Samhain 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Meitheal um Iascach a bhunú agus a rialacha nós imeachta a ghlacadh, IO L 429, 1.1.2021, lch. 146.

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[3].

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlachtaí iad na meithleacha arna mbunú le comhaontú, is é sin an Comhaontú Trádála agus Comhair, nó arna mbunú ina dhiaidh sin ag na Coistí faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, i gcomhréir le hAirteagail 8(2)(h) agus 8(4)(f) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

Le hAirteagal 9(4) foráiltear go socróidh na meithleacha a rialacha nós imeachta féin, a sceideal cruinnithe féin agus a gclár oibre féin de chomhthoil.

Níl sé beartaithe go nglacfaidh meithleacha gníomhartha ná bearta a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, cé is moite dá rialacha nós imeachta a ghlacadh.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Comhaontaithe Trádála agus Comhair a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús substaintiúil dlí

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Más gníomh de chineál eagraíochtúil é an gníomh atá beartaithe, ba cheart, de ghnáth, gurb é bunús dlí substainteach an chinnidh faoi Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh ón gComhairle lena dtugtar an comhaontú lenar bunaíodh an comhlacht i gcrích.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Le hAirteagal 9 den Chomhaontú Trádála agus Comhair bunaítear ceithre mheitheal. De bhun Airteagal 8 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, féadfaidh an Coiste um Chomhpháirtíocht Trádála agus aon cheann de na Coistí Speisialaithe meithleacha eile a bhunú. Tugann meithleacha cúnamh do Choistí i gcomhlíonadh a gcúraimí agus oibríonn siad faoina maoirseacht. Is de chineál eagraíochtúil é rialacha nós imeachta a ghlacadh do mheithleacha arna mbunú faoin gComhaontú Trádála agus Comhair. Bunaíodh na Coistí leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a tugadh i gcrích ar bhonn Airteagal 217 CFAE.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 217 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

[3] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61-64.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go socróidh meithleacha arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a rialacha nós imeachta féin trí thagairt a dhéanamh do na rialacha nós imeachta samplacha a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh atá beartaithe, is iomchuí iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis an cinneadh atá beartaithe a ghlacadh.

2023/0203 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sna meithleacha arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, nó arna mbunú ina dhiaidh sin faoin gcomhaontú sin, a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[4] ('an Comhaontú Trádála agus Comhair') i gcrích le Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle[5] an 29 Aibreán 2021 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021, tar éis é a bheith á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann.

(2) Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair bunaítear creat institiúideach, lena n-áirítear, *inter alia,* Comhairle Comhpháirtíochta, 19 gCoiste agus 4 mheitheal.

(3) Le hAirteagal 9(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair bunaítear an Mheitheal um Tháirgí Orgánacha, faoi mhaoirseacht an Choiste Speisialaithe Trádála ar Bhacainní Teicniúla ar Thrádáil; an Mheitheal ar Mhótarfheithiclí agus ar Pháirteanna, faoi mhaoirseacht an Choiste Speisialaithe Trádála ar Bhacainní Teicniúla ar Thrádáil; an Mheitheal um Tháirgí Íocshláinte, faoi mhaoirseacht an Choiste Speisialaithe Trádála ar Bhacainní Teicniúla ar Thrádáil; agus an Mheitheal um Chomhordú na Slándála Sóisialta faoi mhaoirseacht an Choiste Speisialaithe um Chomhordú na Slándála Sóisialta.

(4) Le hAirteagal 8(2)(h) den Chomhaontú Trádála agus Comhair foráiltear go mbeidh sé de chumhacht ag an gCoiste um Chomhpháirtíocht Trádála, i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le Teidil I go VII, Caibidil 4 de Theideal VIII, Teidil IX go XII de Cheannteideal a hAon de Chuid a Dó, Ceannteideal a Sé de Chuid a Dó agus Iarscríbhinn 27, meithleacha a bhunú, a mhaoirsiú, a chomhordú agus a dhíscaoileadh, nó an mhaoirseacht orthu a tharmligean chuig Coiste Speisialaithe Trádála. Ar an gcaoi chéanna, le hAirteagal 8(4)(f) den chomhaontú sin foráiltear go mbeidh sé de chumhacht ag Coistí Speisialaithe, maidir le saincheisteanna a bhaineann lena réimse inniúlachta, meithleacha a bhunú, a mhaoirsiú, a chomhordú agus a dhíscaoileadh.

[4] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.
[5] IO L 149, 30.4.2021, lch. 2.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 9(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tabharfaidh na Meithleacha, faoi mhaoirseacht na gCoistí, cúnamh do na Coistí i gcomhlíonadh a gcúraimí agus, go háirithe, ullmhóidh siad obair na gCoistí agus déanfaidh siad aon chúram a shannfaidh na Coistí orthu.

(6) Le hAirteagal 9(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair foráiltear go mbeidh ionadaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe ar na meithleacha agus go ndéanfaidh ionadaí ón Aontas agus ionadaí ón Ríocht Aontaithe comhchathaoirleacht orthu.

(7) De bhun Airteagal 9(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair socróidh meithleacha a rialacha nós imeachta féin de chomhthoil.

(8) Chun go bhfeidhmeoidh na meithleacha mar is ceart, tá gá le rialacha nós imeachta lena gcumhdaítear a n-oibriú agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar na rialacha nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, mar aon le hoiriúnuithe ar chuspóir agus ar fheidhmiú na meithleacha.

(9) Féadfaidh meitheal oiriúnuithe breise a ghlacadh, i ndáil le heilimintí neamhriachtanacha, ar na rialacha nós imeachta sin i gcás inar gá oiriúnuithe den sórt sin a dhéanamh de réir chuspóir agus fheidhm na meithle sonraí sin.

(10) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta le haghaidh na meithleacha a ghlacadh.

(11) Chun a áirithiú go nglacfaidh na meithleacha go tráthúil na rialacha nós imeachta, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm ar dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann leis na rialacha nós imeachta do mheithleacha a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar na rialacha nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir le hoiriúnuithe, i ndáil le heilimintí neamhriachtanacha, ar na rialacha nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo maidir le meitheal shonrach, i gcás inar gá oiriúnuithe den sórt sin a dhéanamh de réir chuspóir agus fheidhmiú na meithle sin, bunófar é i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo ar an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*